Siúlóid Cholmáin, Ceann Trá - Ventry.

Start/ Finish point: Ceann Trá / Ventry Finish/ Start point grid ref: W 385 004

Ordnance Survey map: OSI Discovery Series Sheet 70.

Description of Trail:

This trail is waymarked with red arrows on a green background.

Fad : 7 Km
Airde in airde: 110 méadar, Am: 2 uair
Bóthar le tarra agus tráigh.
Marcanna Uaine agus Dearg.

Distance 7 Km
Height Gain: 110 mts Time: 2 hours approx Tarred road surface and beach.
Green & Red Route Markers.

Tosnaigh amach do shiúl ag Oifig an Phoist Cheann Trá. Tabhair aghaidh ó thuaidh suas an Bóthar Ard thairis an Oifig an Phoist agus an Scoil agus cas ar chlé ag an gcéad chrosaire i dtreo Mhám an Óraigh. Bain lán do shúl do na radharcanna breátha ar Thráigh agus Cuan Fhionntrá, agus Bá an Daingin. Tá trí mharcanna éagsúla anseo do thrí shiúlóidí éagsúla, mar sin bí ag faire go géar do na marcanna Uaine agus Dearg. Tá imfhálú mór ciorclach le feiscint i ngort laistíos don mbóthar agus is í seo Cill Cholmáin, fothrach mainistir luathChríostaíochta a bhunaigh Naomh Colmán. Tamall eile ar aghaidh tá Caisleán Ráthanáin a thóg na Gearaltaigh sa chúigiú aois déag. Tá an caisleán tógtha ar ráth. Cas ar chlé ag an gcrosaire ach bí aireach mar go mbeir ar feadh tamaillín ar an bpríomhbhóthar atá idir Ceann Trá agus Baile an Fheirtéaraigh. Ag bun an chnoic cas ar dheis agus siúl siar ar do shuaimhneas ar bhóithrín beag ciúin ar feadh geall le míle agus cas ar chlé ag an gcrosbhóthar. Tabharfaidh an bóthar seo go hArd an Bhóthair tú. Leanann an tsiúlóid thar Tigh Páidí, síos i dtreo na trá. Lean ort trasna na trá, ar Shlí Chorca Dhuibhne, thar n-ais go Ceann Trá.

Start the walk in Ventry Village. Head uphill past the post office and school, and turn left at the first junction to Mám an Óraigh and take in the fantastic views of Ventry Beach & Harbour and Dingle Bay. This section has 3 different walking markers for different routes therefore keep your eyes peeled for the Green & Red signs. A large circular enclosure is visible in a field below the road. This is Cill Cholmáin, the ruins of an Early Christian Monastery founded by Saint Colmán. Further along is Rathinane Castle, built in the 15th Century by the Fitzgerald family. The castle is perched in a ring fort. Turn left at the junction at Rathinane. The walk is for a short distance on the busy Ventry to Ballyferriter road, therefore be careful! At the bottom of the hill turn right and walk west along a quiet back road for approx one mile and turn left at the first crossroad. Arriving at Ard a' Bhóthair, the route passes Páidí's pub and heads down to Ventry Beach. The route brings us back across the beach along the same route as the Dingle Way to Ventry .